Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/688

29.1.2026

**Foilsiú iarratais ar chlárú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(C/2026/688)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1).

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta**

**'Mothais sur feuille'**

**EU Ref PDO-FR-03397**

**Arna thíolacadh an 01-08-25**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Mothais sur feuille'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

04 - TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE BHUNADH AINMHÍOCH, NACH SONRAÍTEAR NÁ NACH nÁIRÍTEAR IN ÁIT EILE

0406 – Cáiseanna agus gruthanna

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis lachtach bhog é 'Mothais sur feuille' a dhéantar go heisiach as bainne gabhair amh gan bhearradh.

Déantar é a thriomú agus a aibiú ar dhuilleog castáin a fhágann íomhá ar an taobh íochtair den cháis agus í ag aibiú.

Bíonn dath bán an eabhair ar an gcraiceann rocach fillteogach. Faoi bhun na duilleoige, is ar éigean a bhíonn sé foirmithe. D'fhéadfadh múscán gorm, liathghorm, bán nó dearg a bheith ann go nádúrtha le linn an aibithe.

Bíonn dath idir bán agus dath an eabhair ar an taos, bíonn sé mín, olartha, leánn sé agus bíonn sé an-ghráinneach.

Saintréithe de chuid 'Mothais sur feuille' is ea iad dea-bholaithe bainne, giosta agus blasanna ainmhithe ar féidir, tar éis roinnt seachtainí aibithe, dea-bholaithe adhmaid amhail 'scrobarnach', blasanna plandúla (go háirithe 'tuí úr' agus 'seomra muisiriúin'), agus dea-bholaithe torthaí triomaithe (go háirithe 'cnó coill').

(1) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Ag deireadh na tréimhse íosta aibithe, bíonn cruth cothrom, agus é beagáinín giorraithe uaireanta, ar 'Mothais sur feuille', agus bíonn imill beagáinín cruinn air, agus bíonn meáchan 180 g ar a laghad ann.

Bíonn an t-eastóscán tirim iomlán in aghaidh an phíosa 65 g ar a laghad agus 85 g ar a mhéad.

Ní áiríonn glanmheáchan na cáise agus an eactóscáin thirim meáchan na duilleoige.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Is ón limistéar geografach a thagann 85 % ar a laghad, in ábhar tirim, de mhéid bliantúil bheatha na ngabhar sa tréad.

Táirgeann limistéar geografach 'Mothais sur feuille' an chuid is mó de bheatha an ainmhí, i dtéarmaí farae agus gránach, olashíolta agus barra próitéine araon. Mar gheall ar easpa aonad díhiodráitithe sa limistéar geografach, áfach, féadfaidh táirgeoirí beostoic amhábhair ardphróitéine áirithe nach dtáirgtear sa limistéar geografach, amhail cácaí olashíl nó meidic na mbó dhíhiodráitithe, a chur leis an mbeatha fhorlíontach ó am go chéile ach sin laistigh de theorainn 15 %. Ní dhéanann na cainníochtaí teoranta sin de bheatha thiubhaithe a tháirgtear lasmuigh den limistéar difear do shaintréithe fíor-riachtanacha na cáise a thagann ó aiste bia na ngabhar, go háirithe mar gheall ar láithreacht éigeantach léagúm áitiúil sa bheatha, rud as a leanann bainne ardcháilíochta.

Is sa limistéar geografach a tháirgtear an farae ina iomláine. Ní mór 60 % den bheatha ar a laghad a bheith comhdhéanta d'fharae tirim.

Ní mór farae a áireamh ar liosta dearfach chun go measfar gur farae é. Itear úr é, mar fhéar tirim. Tá toirmeasc ar shadhlasú agus ar chlúdach.

Tá 200 cileagram ar a laghad d'ábhar tirim ann, i bhfoirm mheidic na mbó nó léagúm ón limistéar geografach, sa mhéid bliantúil beatha in aghaidh an ghabhair.

Is ionann an bheatha fhorlíontach agus 40 % ar a mhéad den ábhar tirim san iomlán bliantúil. Ní fhéadfar ach na hamhábhair seo a leanas a shonraítear i liosta dearfach a áireamh sa bheatha fhorlíontach, ar beatha í a mheasctar ar an bhfeirm nó a thagann i bhfoirm forlíontaí beatha tráchtála:

Tagann na cineálacha éagsúla beatha atá ann san iomlán bliantúil ó shíolta neamh-thrasghéineacha agus tá leibhéal DNA modhnaithe níos lú ná 0,9 % acu.

Baineann na pórtha atá sa tréad leis an bpór Alpach, le pór Saanen agus le pór Poitou agus lena gcrosphórtha sa tréad.

Ní fhéadfaidh níos lú ná 75 % de na hainmhithe a bhaineann le pór Poitou a bheith i dtréada gabhar Poitou.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Táirgtear an bainne agus déantar na cáiseanna a mhonarú agus a aibiú sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar cáiseanna feirme ó thréada, a mbaineann 95 % ar a laghad dá n-ainmhithe le pór Poitou, a chur ar an margadh agus an tagairt 'Race Poitevine' (pór Poitou) ag gabháil leo.

## 5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Roinn Charente: Les Adjots, Barro, Bernac, Bessé, Bioussac, Brettes, Charmé, La Chèvrerie, Condac, Courcôme, Ébréon, Empuré, La Faye, La Forêt-de-Tessé, Les Gours, Londigny, Longré, La Magdeleine, Montjean, Nanteuil-en-Vallée, Paizay-Naudouin-Embourie, Raix, Ruffec, Saint-Fraigne, Saint-Martin-du-Clocher, Salles-de-Villefagnan, Souvigné, Taizé-Aizie, Theil-Rabier, Tusson, Verteuil-sur-Charente, Villefagnan, Villiers-le-Roux.

Roinn Charente-Maritime: Benon, Contré, Courçon, Cram-Chaban, Dampierre-sur-Boutonne, Les Éduts, La Grève-sur-Mignon, La Laigne, Néré, Romazières, Saint-Mandé-sur-Brédoire, Saint-Pierre-d'Amilly, Saint-Séverin-sur-Boutonne, Saleignes, La Villedieu, Villiers-Couture, Vinax.

Roinn Deux-Sèvres: Aiffres, Aigondigné, Alloinay, Amuré, Arçais, Ardin, Asnières-en-Poitou, Aubigné, Augé, Avon, Azay-le-Brûlé, Beaulieu-sous-Parthenay, Beaussais-Vitré, Beauvoir-sur-Niort, Béceleuf, Bessines, Bougon, Le Bourdet, Brieuil-sur-Chizé, Brioux-sur-Boutonne, Brûlain, Caunay, Celles-sur-Belle, Champdeniers, La Chappelle-Bâton, La Chapelle-Pouilloux, Les Châteliers, Chauray, Chef-Boutonne, Chenay, Chérigné, Cherveux, Chey, Chizé, Clavé, Clussais-la-Pommeraie, Coulon, Coulonges-sur-l'Autize, Couture-d'Argenson, La Crèche, Échiré, Ensigné, Épannes, Exireuil, Exoudun, Faye-sur-Ardin, Fomperron, Fontenille-Saint-Martin-d'Entraigues, Fontivillié, Fors, Les Fosses, La Foye-Monjault, François, Fressines, Frontenay-Rohan-Rohan, Germond-Rouvre, Granzay-Gript, Juillé, Juscorps, Lezay, Limalonges, Lorigné, Loubigné, Loubillé, Luché-sur-Brioux, Lusseray, Magné, Mairé-Levescault, Maisonnay, Marcillé, Marigny, Mauzé-sur-le-Mignon, Mazières-en-Gâtine, Melle, Melleran, Ménigoute, Messé, Montalembert, La Mothe-Saint-Héray, Nanteuil, Niort, Paizay-le-Chapt, Pamproux, Périgné, Pers, Plaine-d'Argenson, Pliboux, Pompaire, Prahecq, Prailles-La Couarde, Prin-Deyrançon, Reffannes, La Rochénard, Rom, Romans, Saint-Christophe-sur-Roc, Saint-Coutant, Sainte-Eanne, Saint-Gelais, Saint-Georges-de-Noisné, Saint-Georges-de-Rex, Saint-Germier, Saint-Hilaire-la-Palud, Saint-Lin, Saint-Maixent-l'École, Saint-Marc-la-Lande, Saint-Martin-de-Bernegoue, Saint-Martin-de-Saint-Maixent, Saint-Maxire, Sainte-Néomaye, Sainte-Ouenne, Saint-Pardoux-Soutiers, Saint-Pompain, Saint-Rémy, Saint-Romans-des-Champs, Saint-Romans-lès-Melle, Sainte-Soline, Saint-Symphorien, Saint Vincent-la-Châtre, Saivres, Salles, Sansais, Sauzé-Vaussais, Sciecq, Secondigné-sur-Belle, Séligné, Sepvret, Soudan, Souvigné, Surin, Valdelaume, Val-du-Mignon, Vallans, Vançais, Le Vanneau-Irleau, Vanzay, Vautebis, Vernoux-sur-Boutonne, Verruyes, Le Vert, Villefollet, Villemain, Villiers-en-Bois, Villiers-en-Plaine, Villiers-sur-Chizé, Vouhé, Vouillé, Xaintray.

Roinn Vendée: Benet, Damvix, Le Mazeau, Saint-Sigismond.

Roinn Vienne: Anché, Asnois, Blanzay, Brux, Celle-Lévescault, Champagné-le-Sec, Champniers, La Chappelle-Bâton, Charroux, Château-Garnier, Chaunay, Civray, Cloué, Curzay-sur-Vonne, Genouillé, Jazeneuil, Linazay, Lizant, Lusignan, Marçay, Marigny-Chemereau, Romagne, Rouillé, Saint-Gaudent, Saint-Pierre-d'Exideuil, Saint-Romain, Saint-Sauvant, Sanxay, Sommières-du-Clain, Savigné, Surin, Val-de-Comporté, Valence-en-Poitou, Voulême, Voulon.

## 6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Comhfhreagraíonn an limistéar geografach do 'Deisceart Poitou'. Is crios idirthréimhseach é idir machaire aolchloiche Poitou agus *bocage* eibhir agus scláta Vendée, a gcruthaíonn machairí Niort agus Aunis, ardchlár Mellois agus machaire Mothe-Lezay, a bhfuil an chuid 'Mothe' de sách garbh, a chroílár ó dheas ó Deux-Sèvres.

Tá an réigiún foirmithe go príomha as aolchlocha Iúrasacha, rud is cúis le hithreacha aolchloiche tanaí agus clochacha go minic agus dá ngairtear 'groies'. Tá ardchláir bheaga dhroimneacha de chré dhearg scaipthe ar fud an *ensemble* sin ar ardchláir iad a foirmíodh mar thoradh ar mheath na carraige Iúrasaí agus ar a dtugtar 'terres rouges à châtaignier' (cré castán dearg) go háitiúil. Is iondúil go mbíonn na hithreacha aigéadach, dea-struchtúrtha agus roinnt breochloiche ag gabháil leo. Tá an aeráid aigéanach agus measartha cineálta agus bíonn easnaimh uisce ann go minic sa samhradh.

Sa limistéar geografach sin, tá na feiniméin seo a leanas tagtha chun cinn go comhuaineach chomh maith le feiniméin sheanbhunaithe:

— cineál áirithe táirgthe déiríochta ar saintréith dá chuid í córas measctha barr/beostoic lena gceadaítear neamhspleáchas beatha do na gabhair, atá bunaithe ar phlandaí léagúmacha amhail meidic na mbó, a thomhlaítear go príomha agus iad tirim nó glas, agus ar ghránaigh a tháirgtear go háitiúil,

— táirgeadh dinimiciúil agus comhchoiteann a bhfuil baint ag feirmeoirí, ceardaithe agus lucht tionscail leis, agus leas á bhaint as saineolas speisialta: próiseáil bainne amh, gruth neamhghearrtha atá múnlaithe trí liach láimhe, draenáil mhall, aibiú ar dhuilleoga óga castáin a bhaintear agus a thriomaítear go cúramach sa limistéar geografach.

Ina thráchtas dochtúireachta sa tíreolaíocht, déanann Frantz JÉNOT (2008) cur síos ar 'Poitou méridional' (deisceart Poitou) mar 'críoch chultúir agus tógála gabhar' atá suite i gcroílár córais mheasctha barr/beostoic.

D'fhorbair margaíocht cáis gabhair go tapa ón 11ú haois go dtí an 15ú haois i ndeisceart Poitou, i gcomhthráth le méadú an éilimh ar an oilithreacht go Santiago de Compostela agus ar a bhealach 'Grand Chemin' (ó Pháras). Ba é an chuid mhór Protastúnach a bhí ann i réigiún Mellois a ghlac páirt ina dhiaidh sin sa chleachtas neamhchostasach tógála gabhar agus plandaithe crann cnó capaill, ar a dtugtar 'an crann aráin', d'fhonn gorta a chosc.

Ag céim luath, tháinig an limistéar geografach chun bheith ina lárionad le haghaidh táirgeadh potaireachta freisin, agus bhí thart ar 15 láithreán ann óna raibh ceardaithe ag soláthar múnlaí nó síothláin do cháiseoirí.

Ag deireadh an 19ú haois, mar thoradh ar ghéarchéim fiollocsaeire, chuaigh saothróirí fíona i muinín na feirmeoireachta gabhar agus an táirgthe déiríochta, agus thosaigh margaí áitiúla agus córas comharchumann táirgthe ag forbairt thart ar Mothe-Saint-Héray.

I dtéarmaí na bpórtha gabhar atá sa limistéar geografach, ba cheart a lua gurb í an chríoch sin áit dúchais ghabhair Poitou. Thit an líon pórtha gabhair sin nuair a tharla eipidéim an ghalair crúb is béil sna 1920í. Ón tréimhse sin ar aghaidh, chuir feirmeoirí agus comharchumainn déiríochta leis an líon ainmhithe ina dtréada arís, go príomha trí ghabhair Alpacha agus trí ghabhair Saanen a thabhairt isteach.

Is cáis bhog é 'Mothais sur feuille' a dhéantar go heisiach as bainne gabhair amh gan bhearradh

Tagann cruth sorcóra chothroim ar an gcás, a bhíonn beagáinín giorraithe uaireanta, agus a mbíonn imill beagáinín cruinn uirthi.

Déantar í a thriomú agus a aibiú ar dhuilleog castáin a fhágann íomhá ar an taobh íochtair den cháis aibithe.

Bíonn craiceann giostach ar an gcás, agus é rocach uaireanta, agus bíonn a dhath sa raon ó bhéasa éadrom go gorm. Bíonn cuma mhín, bhog agus fhíneálta ar an taos, agus bíonn sé olartha agus gabhann uigeacht bhog bhlasta leis.

Nuair a aibítear ar dhuilleoga castáin é, faigheann 'Mothais sur feuille' blasanna a bhíonn bainnúil agus giostach ar dtús, agus a éiríonn níos ainmhíche ansin, agus dea-bholaithe breise ann uaireanta de thorthaí adhmadacha, plandúla agus triomaithe.

I dtimpeallacht a bhí fabhrach go stairiúil d'fheirmeoireacht ghabhar, tá cineál sonrach táirgthe cáise gabhair ann mar thoradh ar thosca nádúrtha agus daonna. Mar thoradh ar na hithreacha aolchloiche 'groies' atá fabhrach do phlandaí léagúmacha agus do ghránaigh, bhí feirmeacha barr measctha in ann neamhspleáchas beatha a áirithiú do na tréada. Is í an bheatha sin is cúis le táirgeadh bainne ag a mbíonn cáilíocht an-ard cáiseoireachta.

An tráth céanna, thug an timpeallacht ar leith a saintréithe aitheantais don cháis. Ar an gcéad dul síos, mar gheall ar chré a bheith i roinnt limistéar, bhí cuid mhór potadóirí in ann múnlaí nó síothláin *terracotta* a tháirgeadh rud a thug a cruth don cháis. Sa lá atá inniu ann, tá na múnlaí plaisteacha a úsáidtear go coitianta i gcáiseoireacht tar éis ionad na múnlaí sin ghlacadh, ach an cruth bunaidh á choinneáil an tráth céanna. Ar an dara dul síos, tá láithreacht oileáiníní ionraon ithreach deirge measartha aigéadach go maith do chrainn cnó coille, a ndéantar a nduilleoga a phiocadh agus a thriomú trí úsáid a bhaint as saineolas áitiúil chun dath donn agus glaineacht na nduilleog a ráthú. Baineann an saineolas sin leis an dáta ceart a roghnú chun na duilleoga a bhuain chun an dath inmhianaithe a fháil, trí theicníc bhuainte a ghlacadh lena seachnaítear gach teagmháil leis an talamh agus teicníc stórála snáithithe chun triomú nádúrtha agus caomhnú ceart na nduilleog a éascú.

Ar deireadh, tá an ithir agus an aeráid agus an talamh móinéir ilspeiceas a cheadaíonn 'Mothais sur feuille' a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as bainne amh fabhrach do láithreacht agus d'fhorbairt flóra a bhaineann go sonrach leis an gcáis, go háirithe coincleach phúdrach (*geotrichum*), rud a fhágann go mbíonn an taos mín agus uachtarúil.

Thairis sin, rannchuidíonn draenáil mhall an ghrutha a fhaightear ón mbainne amh le forbairt shuntasach na coinclí púdraí (coipeadh), rud a ligeann do 'Mothais sur Feuille' dea-bholaithe bainniúla giostacha a thabhairt uaidh ó 12 lá ar aghaidh.

Cuireann rialáil na taise (cothabháil draenála agus taise) feabhas ar charachtar olartha an taois a sholáthraíonn duilleog an chastáin le linn na tréimhse aibithe. Tá ról tábhachtach ag duilleog an chnó capaill freisin i gcur i láthair agus i gcéannacht an táirge agus chuidigh sí lena cháil a fhorbairt.

Riamh anall, tá tagairt déanta don cháis sin sna margaí áitiúla mar cháis 'sur feuille' ('ar an duilleog') agus tá 'Mothais' nó 'fromage de la Mothe' tugtha uirthi i nuachtáin nó i leabhair agus ag mangairí cáise i gcathracha i bhfad ón limistéar áitiúil.

A bhuí leis na línte iarnróid, is féidir na cáiseanna a iompar go tapa chuig bailte Niort, Poitiers, Bordeaux agus Pháras. Sa nuachtán 'Le Mellois' an 7 Eanáir 1866, foghlaimímid go raibh cáiseanna ó réigiún Mothe-Saint-Héray díreach tar éis duais a fháil ag Taispeántas Pháras. Sna bailte i bhfad i gcéin sin, mar atá sna nuachtáin, tá tionscnamh geografach na cáise tábhachtach.

In 1953, sa leabhar 'Fromages de France', tagraíonn Curnonsky do 'cáis gabhair atá clúdaithe le duilleoga a tháirgtear i réigiún Mothe-Saint-Héray agus Melle agus atá idir 10 cm agus 13 cm i gcás meáchain thart ar 220 g'. Beagáinín níos déanaí, in 1972, liostaíonn Pierre Androuet 'le Mothais ou chèvre à la feuille appelé aussi la Mothe-Saint-Héray fermier' ('Cáis Mothais nó gabhair atá clúdaithe le duilleoga, ar a dtugtar cáis feirme Mothe-Saint-Héray freisin') sa 'Guide du fromage'.

Sna 1970í, thosaigh líon méadaitheach táirgeoirí feirme ag athfhorbairt an táirgthe sin. Ag deireadh na 1980í, thosaigh táirgeoirí sa limistéar geografach ag tabhairt 'Mothais sur feuille' ar a gcáis. Sa bhliain 1989, d'iarr an Association Centrale des Laiteries Coopératives (Comhlachas Lárnach na nDéirithe Comharchumainn) an trádmharc 'Mothais sur feuille' a chlárú le INPI (an Institiúid Náisiúnta um Maoin Thionsclaíoch) sa bhliain 1989.

Thart ar na 1990í, ghlac 'Mothais sur feuille' páirt oifigiúil i gcomórtais réigiúnacha, agus aithníodh é mar chatagóir as féin.

**Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh:**

https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-Mothaissfeuille-250624.pdf…